Coiste Peile na Ceathrún Ruaidh

Cód Iompar d'Imreoirí fásta:

Nóta: Ciallaíonn imreoir fásta imreoir atá ocht mbliana déag d'aois.

- *Déan do dhícheall agus imir de réir na rialacha.*
- *Imir le foighid.*
- *Is í an ghaeilge teanga an chumainn agus an cheantar. Labhraím i gconaí í agus beidh meas agam uirthi.*
- *Is spórt foirne é an Pheil Ghaelach agus caithfidh tú có-oibriú le do thraenálaithe, imreoirí agus baill eile den Chlub.*
- *Glac le cinneadh an réiteora. Is féidir le do chaiptaen nó do thraenálaí ceisteanna a chur.*
- *Déan freastail ar chuile seisiún traenála.Déan teagmháil le do bhainisteoir muna féidir leat a bheith i láthair.*
- *Cuimhnigh go bhfuil tú ag imirt ar do shon féin, ar son do chumann, do chlann agus an CLG.*
- *Bí ullmhaithe i gceart i gcóir traenáil agus cluichí. Ná tar ag traenáil nó cluiche agus ól déanta agat. Caithfear an riail dhian seo a chur i bhfeidhm ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht na mbaill go léir.*
- *Glacaim leis nach féidir liom imirt leis an gcumann go dtí go mbíonn an costas clárúcháin íoctha.*
- *Glacaim leis nach féidir ach* cúram fisiteiripe *an chumainn a usáid le gortaithe agus go gcaithfear é a chur in iúl do bhainisteoir an fhoireann sula ndéanfar coinne.* Íocfaidh an t-imreoir féin an táille leis an bhfisiteiripeoir agus aisíocfaidh an cumann an t-airgead leis an imreoir. Chun an aisíoc seo a fháil, caithfidh an t-imreoir an admháil a thabhairt don chisteoir(0879024540) **laistigh de choicís ó dáta an choinne**. Ag aon ocáid a dhéantar coinne le fisiteirpeoir, caithfear an bainisteoir a bheith ar an eolas faoi fiú amháin más coinnithe leanúnach iad.

- ***Tabhachtacht:****Tuigim nach n-íocfaidh CLG na Ceathrún Ruaidh aon chostaisí ospidéil/leighis/fiaclóra muna bhfuil na foirmeacha cuí árachas líonta amach agam taobh istigh de 30 lá.* ***Tá an freagracht go h-iomlán ar an t-imreoir é seo a chuinntiú.Tá an fhoirm árachais le fáil ó 0861050970.***

Glacaim go bhfuil mé freagrach as mo iompar le CLG na Ceathrún Ruaidh agus má sháraim an Cód Iompar is féidir é sin a cheartú trí chéimeanna an Pholasaí Iompar.

Síniú an imreoir: _____ **Dáta:** _____